An Buiséad agus Oideachas

Ceist 1 (a) Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi na ciorruithe oideachais a fógraíodh sa bhuiséad. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an dtuigeann tú na focail seo?

Ciorrú
An Freasúra
Cumann Múinteoirí Éireann
Aire Oideachais

Ceist 1 (b) An bhfuil aon eolas agat faoin scéal seo cheanna féin nó an féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt? Pléigh an oiread agus atá ar eolas agat leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

sharply criticised _____

increasing _____

because of _____

in the east _____

the changes _____

permanent _____

despite _____

commitment/promise _____

going backwards _____

campaign _____

united _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth go bhfuil fearg ar mhúinteoirí anois tar éis an bhuiséid?

2. Cén fáth a mbeidh Scoil Naomh Pádraig buailte go holc ag na hathruithe a fógraíodh sa bhuiséad?

3. Cad atá le rá ag na daoine seo a leanas sa tuairisc?

- Caolann Ó Conaola
- Áine de Búrca
- John Carr

Ceist 4 Anois le dul siar ar an mhéid atá cloiste agat, an féidir leat na bearnaí sa téacs thíos a líonadh le focail ón bhosca?

Ag fanacht le _____ tá na ciorruithe oideachais a fógraíodh _____ go géar ag an bh_____ agus ag Ceardchumann na Múinteoirí. Is ag méadú a bheas na ranganna _____ na n-athruithe agus tá fearg ar mhúinteoirí go gcaillfear cuid mhór post. Labhair Caoimhe Ní Laighin le múinteoirí Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine in Áth Eascrach in oirthear na Gaillimhe sa bhealach is a rachaidh na ciorruithe seo _____ orthusan.

Beidh Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine i gContae na Gaillimhe buailte go trom ag cuid de na hathruithe a _____ sa bhuiséad Dé Máirt seo caite. Triúr múinteoirí atá inti faoi láthair ach de réir na n-athruithe seo caillfidh múinteoir amháin a phost _____ an bhliain seo chugainn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ocht rang faoi chúram na beirte a bheas fágtha.

de bharr	buan	
	cáinte	
	a fógraíodh	i bhfeidhm
freasúra	cúrsaí buiséid	

Ceist 5 *'cáinte'*
(Cháin sé é – tá sé á cháineadh – tá sé **cáinte** go géar aige)

(a) Cén ghné den ghramadach é seo?

(b) Aimsigh an fhoirm chéanna de na briathra seo thíos agus cuir in abairtí ansin iad. Tá an chéad cheann déanta duit!

déan – **déanta**

cuir - _____

caith - _____

tabhair - _____

abair - _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoin chóras oideachais in Éirinn?
Ar léirigh tú mórán suime sa bhuiséad i mbliana?
Cad iad na fadhbanna a bhaineann leis an iomarca daltaí scoile a bheith in aon rang amháin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1(a)
Tabhair seans dóibh míniú na bhfocal a aimsiú:

Ciorrú – cut back
An Freasúra – the opposition
Cumann Múinteoirí Éireann – Irish National Teachers' Association
Aire Oideachais – Minister for Education

Ceist 1(b)
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

sharply criticised	**cáinte go géar**
increasing	**ag méadú**
because of	**de bharr**
in the east	**oirthear**
the changes	**na hathruithe**
permanent	**buan**
despite	**in ainneoin**
commitment/promise	**gealltanas**
going backwards	**ag dul siar**
campaign	**feachtas**
united	**aontaithe**

Ceist 3
1. Tá fearg ar mhúinteoirí mar go gcaillfear cuid mhór post.
2. Mar go gcaillfidh múinteoir amháin a phost buan faoi dheireadh na bliana.
3. **Caolann Ó Conaola** – "Tá mise ag cailliúint poist anseo ag deireadh na bliana. *So*, ar an mbealach sin, *you know*, athraíonn sé rudaí domsa, *you know*, go mór mhór, tar éis teach nua a thógáil agus chuile shórt mar sin. Ach, is é an rud is measa faoi seo i ndáiríre ná go bhfuil, ná páistí, is iad na gasúir atá ag cailleadh amach anseo."
Áine de Búrca – "Fiú nuair a bhí Máire Ní Hannifin, Hannifin mar Aire Oideachais bhíomar ag dul ar aghaidh beagán ach anois tá muid ag dul siar."
John Carr – dúirt sé gurb é an t-ionsaí is measa a rinneadh ar pháistí bunscoile in Éirinn riamh.

Ceist 4
Ag fanacht le **cúrsaí buiséid** tá na ciorruithe oideachais a fógraíodh **cáinte** go géar ag an bh**freasúra** agus ag Ceardchumann na Múinteoirí. Is ag méadú a bheas na ranganna **de bharr** na n-athruithe agus tá fearg ar mhúinteoirí go gcaillfear cuid mhór post. Labhair Caoimhe Ní Laighin le múinteoirí Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine in Áth Eascrach in oirthear na Gaillimhe sa bhealach is a rachaidh na ciorruithe seo **i bhfeidhm** orthusan.

Beidh Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine i gContae na Gaillimhe buailte go trom ag cuid de na hathruithe a **fógraíodh** sa bhuiséad Dé Máirt seo caite. Triúr múinteoirí atá inti faoi láthair ach de réir na n-athruithe seo caillfidh múinteoir amháin a phost **buan** an bhliain seo chugainn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ocht rang faoi chúram na beirte a bheas fágtha.

Ceist 5

(a) aidiacht bhriathartha

(b) déan – **déanta**
cuir - curtha
caith - caite
tabhair - tugtha
abair - ráite

Ceist 6

Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Ag fanacht le cúrsaí buiséid tá na ciorruithe oideachais a fógraíodh cáinte go géar ag an bhfreasúra agus ag Ceardchumann na Múinteoirí. Is ag méadú a bheas na ranganna de bharr na n-athruithe agus tá fearg ar mhúinteoirí go gcaillfear cuid mhór post*. Labhair Caoimhe Ní Laighin le múinteoirí Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine in Áth Eascrach in oirthear na Gaillimhe faoin mbealach is rachaidh na ciorruithe i bhfeidhm orthusan.

Caoimhe Ní Laighin
Beidh Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine i gContae na Gaillimhe buailte go trom ag cuid de na hathruithe a fógraíodh sa bhuiséad Dé Máirt seo caite. Triúr múinteoirí atá inti faoi láthair ach de réir na n-athruithe seo caillfidh múinteoir amháin a phost buan an bhliain seo chugainn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ocht rang faoi chúram na beirte a bheas fágtha.

Caolann Ó Conaola
Tá mise ag cailliúint poist anseo ag deireadh na bliana. *So*, ar an mbealach sin, *you know*, athraíonn sé rudaí domsa, *you know*, go mór mhór, tar éis teach nua a thógáil agus chuile shórt mar sin. Ach, is é an rud is measa faoi seo i ndáiríre ná go bhfuil, ná páistí, is iad na gasúir atá ag cailleadh amach anseo.

Caoimhe Ní Laighin
Ar leibhéal náisiúnta buaileadh tubaiste do pháistí agus do mhúinteoirí ar aon is iad na ciorruithe seo, dar le Cumann Múinteoirí Éireann. In ainneoin ghealltanas an rialtais nach mbeadh ach dhá chéad múinteoir thíos leis na hathruithe, tá na ceardchumainn anois ag maíomh go gcaillfí suas le míle dhá chéad múinteoir a gcuid post. Anuas air sin beidh fiche is a hocht in ionad fiche is a seacht i ngach rang. Na ranganna bunscoile is mó san Eoraip.

Áine de Búrca, Príomhoide
Fiú nuair a bhí Máire Ní Hannifin, Hannifin mar Aire Oideachais bhíomar ag dul ar aghaidh beagán ach anois tá muid ag dul siar.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt John Carr, Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann gurb é seo an t-ionsaí is measa a rinneadh ar pháistí bunscoile in Éirinn riamh. Tá Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ag glaoch ar gach uile duine a bhfuil baint aige leis na ciorruithe seo feachtas aontaithe a thosú ina n-aghaidh. Caoimhe Ní Laighin. An Fhothaine, Contae na Gaillimhe.

* *postanna – a deirtear*